Parlaimint na hEorpa
2014-2019

An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

2018/0224(COD)

29.10.2018

TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís na hEorpa – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh
(COM(2018)0435 – C8-0252/2018 – 2018/0224(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Elsi Katainen

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún maidir le Clár Fhís na hEorpa agus an cistiú méadaithe atá ann, go háirithe do na nuálaíochtaí i mBia agus in Acmhainní Nádúrtha. Is príomhghné é Clár Fhís na hEorpa i dtaca le borradh a chur faoi iomaíochas AE ar bhonn domhanda agus le tacaíocht a thabhairt d'fhás eacnamaíoch AE. Le Fís na hEorpa, lena ndírítear ar thacú le fionnachtana eolaíocha agus le táirgí agus seirbhísí nuálacha, cuideofar leis an Eoraip dul i ngleic leis na dúshláin reatha, amhail an t-athrú aeráide agus, ag an am céanna, cruthaítear deiseanna gnó.

Tá géarghá leis an gcistiú leithdháilte de EUR 10 mbilliún chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, amhail SFI 2 - Deireadh leis an Ocras. Áitíonn an Rapóirtéir go gcoinneofaí an cistiú ag an leibhéal molta de EUR 10 mbilliún ar a laghad. Má táthar leis an mbuiséad foriomlán d'Fhís na hEorpa a mhéadú, áfach, is gá an cistiú don bhraisle "Bia agus Acmhainní Nádúrtha" a mhéadú go comhréireach.

Tá an Rapóirtéir den tuairim gur féidir le Coiste AGRI an rannchuidiú is luachmhaire a dhéanamh maidir leis an gcúigiú braisle "Bia agus Acmhainní Nádúrtha", trína dtugtar aghaidh go sonrach ar shaincheisteanna a bhaineann leis an talmhaíocht. Dá bhrí sin, ba mhaith leis an Rapóirtéir a mholadh go gcuirfí an focal 'talmhaíocht' leis an teideal. Ba mhaith leis an Rapóirtéir a mheabhrú nach braislí ar leithligh iad braislí an dara colún "Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch", ach go rannchuidíonn siad uile le réimsí sonracha a chéile. Thairis sin, cuireann an Rapóirtéir i bhfios a thábhachtaí agus atá an buntaighde arna chistiú faoin gcéad cholún "Eolaíocht Oscailte" óir tá ról tábhachtach aige freisin sa phróiseas i dtaca le nuálaíochtaí a chruthú do gheilleagar bithchiorclach, ar céim chun cinn é ar gheilleagar ciorclach.

Leis na seacht réimse shonraithe rannchuidithe i mbraisle 5, cumhdaítear na príomhghnéithe lena rannchuidítear le nuálaíochtaí maidir le bia agus acmhainní nádúrtha. Fós féin, ba mhaith leis an Rapóirtéir a mheabhrú go bhfágfaí fionnuiscí as an raon feidhme dá ndéanfaí an raon feidhme a theorannú chuig an muir agus na haigéin, agus chucu sin amháin, mar a mholtar i réimse Uimh. 4. Ba mhaith leis an Rapóirtéir fionnuiscí a chur leis an gcomhthéacs, mar is cuid thábhachtach iad den chríoch uisceach. Is díol sásaimh don Rapóirtéir é go bhfuil an fhoraoiseacht san áireamh i réimsí na hidirghabhála, mar is sár-shampla í an fhoraoiseacht de chur chun cinn an gheilleagair bhithchiorclaigh.

Áiritheofar le Pleanáil Straitéiseach ilbhliantúil, inar gá an sineirge le cláir eile de chuid AE a chur san áireamh, go ndéanfar cuspóirí Fhís na hEorpa ar leibhéal an chláir a chur chun feidhme ar bhealach comhtháite. Is dóigh leis an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach go ráthófaí na sineirgíochtaí agus, mar shampla, sa chúigiú braisle, ba cheart cuspóirí sonracha an Chomhbheartais Talmhaíochta a áireamh. Fós féin, ba mhaith léi a chur i bhfios gur cheart go leanfadh na buiséid arna leithdháileadh de bheith ar leithligh idir cláir bheartais éagsúla fiú dá gcomhchuibheofaí na cuspóirí.

Ba mhaith leis an Rapóirtéir misean a mholadh i gcomhair an dara colún. Is é an misean atá molta ná "Córais bia atá neodrach ó thaobh carbóin de, a bhfuil teacht aniar iontu, atá scamhardach agus atá gan aon dramhaíl bia, a bheith ann faoi 2035". Is féidir tacú leis an misean sin le braislí eile agus tá móracmhainneacht ann nuálaíochtaí a chruthú in earnálacha éagsúla mar fhothoradh. Is gá don Eoraip bealaí malartacha a aimsiú chun aistriú i dtreo

talmhaíocht atá cliste ó thaobh na haeráide de agus ionsar úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha. Príomhghné amháin ná dramhaíl a laghdú agus í a dhíothú i bhfad na haimsire agus úsáid éifeachtúil a bhaint as foshreafaí agus dramhaíl ó shlabhraí táirgthe tionsclaíocha.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Is é cuspóir an Aontais an bonn eolaíochta agus teicneolaíochta atá aige a neartú agus a iomaíochas a spreagadh, an t-iomaíochas ina earnáil thionsclaíoch san áireamh, agus ag an am céanna gach gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta a chur chun cinn chun tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, tosaíochtaí arb é is aidhm leo i ndeireadh thiar an tsíocháin, luachanna an Aontais agus folláine gach duine ann a chur chun cinn.	(1) Is é cuspóir an Aontais an bonn eolaíochta agus teicneolaíochta atá aige a neartú agus a iomaíochas a spreagadh, lena n-áirítear ina earnáil thionsclaíoch ***agus ina earnáil talmhaíochta***, agus ag an am céanna gach gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta a chur chun cinn chun tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, tosaíochtaí arb é is aidhm leo i ndeireadh thiar an tsíocháin, luachanna an Aontais agus folláine gach duine ann a chur chun cinn.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2 a) Ceann de na príomhdhúshláin atá roimh an Eoraip ná cabhrú leis na ceantair thuaithe dul i ngleic le an réimse leathan de dhúshláin eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta an 21ú haois. Leis an tosaíocht sin, tugtar aghaidh ar ghné chríochach ghníomhaíochtaí T&N i dtáirgeadh

	príomhúil, i dtionscal an bhia agus sna tionscail bhithbhunaithe, a bhfuil a mbunáite lonnaithe i gceantair thuaithe. Ba cheart é a bheith mar aidhm le gníomhaíochtaí T&N trí Fhís na hEorpa caipitliú níos fearr ar shócmhainní críochacha a bhaint amach, agus spreagthaí fadtéarmacha á gcur san áireamh chun bealaí nua inbhuanaithe a oscailt do ghnó, do sheirbhísí agus do shlabhraí luacha mar thaca le pobail thuaithe, agus comhpháirtíochtaí nua idir táirgeoirí, próiseálaithe, miondíoltóirí agus an tsochaí á gcur chun cinn.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2 b) Is bunriachtanach iad gníomhaíochtaí T&N maidir le slándáil bia agus cothaithe. Ba cheart go lorgódh Fís na hEorpa cur chuige i leith córais bia chun dul i ngleic leis na naisc nádúrtha idir éiceachórais, táirgeadh bia, an biashlabhra agus sláinte agus folláine tomhaltóirí.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Ba cheart leanúint de chur chuige cothrom faoin gClár idir maoiniú ón mbun aníos (arna spreagadh ag taighdeoirí nó nuálaithe) ***agus*** ón mbarr anuas (arna chinneadh ag tosaíochtaí a shainmhínítear go straitéiseach), i gcomhréir leis an gcineál taighde agus na cineálacha pobal nuálaíochta atá páirteach, cineálacha agus cuspóirí na ngníomhaíochtaí a dhéantar	(8) Ba cheart leanúint de chur chuige cothrom faoin gClár idir maoiniú ón mbun aníos (arna spreagadh ag taighdeoirí nó nuálaithe)***,*** ón mbarr anuas (arna chinneadh ag tosaíochtaí a shainmhínítear go straitéiseach) ***agus cothrom ó thaobh críche de***, i gcomhréir leis an gcineál taighde agus na cineálacha pobal nuálaíochta atá páirteach, cineálacha agus

agus na tionchair a bhfuiltear ag iarraidh iad a bhaint amach. Ba cheart an cur chuige a roghnófar do na codanna éagsúla den Chlár a chinneadh bunaithe ar mheascán de na fachtóirí sin, agus ba cheart dóibh go léir rannchuidiú le cuspóirí ginearálta agus sonracha uile an Chláir.	cuspóirí na ngníomhaíochtaí a dhéantar agus na tionchair a bhfuiltear ag iarraidh iad a bhaint amach. Ba cheart an cur chuige a roghnófar do na codanna éagsúla den Chlár a chinneadh bunaithe ar mheascán de na fachtóirí sin, agus ba cheart dóibh go léir rannchuidiú le cuspóirí ginearálta agus sonracha uile an Chláir.

Réasúnú

Ní léirítear le cur chun feidhme chlár reatha Fhís 2020 cur chuige atá cothrom ó thaobh críche de in AE. Mar shampla, i réimse na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe, táthar i ndiaidh níos lú ná 10% de thairiscintí a dheonú do thionscadail ón 13 Bhallstát nua. Tá an treocht sin ina cúis le héagothroime thromchúiseach san Aontas atá chun dochair do shaoráidí taighde sna Ballstáit nua i ndiaidh gur forbraíodh scata tionscadail nuálacha amhail BIOEAST ón réimse sin. Is gá é sin a leigheas a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, is gá an cur chuige atá cothrom ó thaobh críche de a chur i bhfeidhm ar leibhéal AE.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10 a) Ba cheart béim a leagan ar a thábhachtaí agus atá an talmhaíocht, mar aon lena hidirghaol idir an comhshaol agus sláinte an duine.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Ba cheart rannpháirtíocht iomlán na hearnála tionsclaíochta sa Chlár, ar gach leibhéal ón bhfiontraí aonair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide go fiontair mhórscála, a bheith ar cheann de na príomhbhealaí a úsáidfear chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach, go háirithe i dtreo poist agus fás inbhuanaithe a chruthú. Ba	(11) Ba cheart rannpháirtíocht iomlán na hearnála tionsclaíochta sa Chlár, ar gach leibhéal ón bhfiontraí aonair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide go fiontair mhórscála ***agus grúpaí táirgeoirí***, a bheith ar cheann de na príomhbhealaí trína ndéanfar cuspóirí an Chláir a bhaint amach, go háirithe i dtreo poist agus fás

cheart don earnáil tionsclaíochta rannchuidiú leis na dearcthaí agus tosaíochtaí arna mbunú leis an próiseas um phleanáil straitéiseach, agus ba cheart don phróiseas sin tacú le cláir oibre a fhorbairt. Le rannpháirtíocht den sórt sin ón earnáil tionsclaíochta, ba cheart di páirt a ghlacadh sna gníomhuithe a dtugtar tacaíocht dóibh ar leibhéil atá ar chomhchéim ar a laghad leis na leibhéil a bunaíodh faoin gclár réime roimhe, Fís 2020, a bunaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Fís 2020).

inbhuanaithe a chruthú. Ba cheart don earnáil tionsclaíochta rannchuidiú leis na dearcthaí agus tosaíochtaí arna mbunú leis an próiseas um phleanáil straitéiseach, agus ba cheart don phróiseas sin tacú le cláir oibre a fhorbairt. Le rannpháirtíocht den sórt sin ón earnáil tionsclaíochta, ba cheart di páirt a ghlacadh sna gníomhuithe a dtugtar tacaíocht dóibh ar leibhéil atá ar chomhchéim ar a laghad leis na leibhéil a bunaíodh faoin gclár réime roimhe, Fís 2020, a bunaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***('Fís 2020').***

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag EIT, go háirithe trí na Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) atá aige, éiceachórais nuálaíochta a théann i ngleic le dúshláin dhomhanda a neartú, trí comhtháthú gnó, taighde, ardoideachais agus fiontraíochta a chothú. Ba cheart do EIT nuálaíocht a chothú sna gníomhaíochtaí a dhéanann sé ***agus*** tacú le comhtháthú an ardoideachais laistigh den éiceachóras nuálaíochta, go háirithe trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: spreagadh a thabhairt don oideachas fiontraíoch, comhar neamhdhisciplíneach láidir a chothú idir an earnáil tionsclaíochta agus lucht léinn; agus scileanna ionchasacha a shainaithint le haghaidh nuálaithe amach anseo le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, ardscileanna digiteacha agus nuálaíochta san áireamh. Ba cheart do na scéimeanna tacaíochta a chuireann EIT ar fáil dul chun tairbhe tairbhithe EIC, agus ba cheart rochtain a bheith ag na cuideachtaí nuathionscanta a thagann amach as PENanna EIT ar ghníomhuithe EIC freisin. Cé gur cheart go bhfágfadh an	(23) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag EIT, go príomha trí na Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) atá aige, neartú a dhéanamh ar éiceachórais nuálaíochta a théann i ngleic le dúshláin dhomhanda, trí chomhtháthú gnó, taighde, ardoideachais agus fiontraíochta a chothú. Ba cheart do EIT nuálaíocht a chothú sna gníomhaíochtaí a dhéanann sé***, rochtain ar thaighde agus nuálaíocht a éascú agus*** tacú le comhtháthú an ardoideachais laistigh den éiceachóras nuálaíochta, go háirithe trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: spreagadh a thabhairt don oideachas fiontraíoch, comhar neamhdhisciplíneach láidir a chothú idir an earnáil tionsclaíochta agus lucht léinn; agus scileanna ionchasacha a shainaithint le haghaidh nuálaithe amach anseo chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, ardscileanna digiteacha agus nuálaíochta san áireamh. Ba cheart do na scéimeanna tacaíochta a chuireann EIT ar fáil dul chun tairbhe do thairbhithe EIC, agus ba cheart rochtain ar ghníomhuithe EIC a bheith ag cuideachtaí nuathionscanta a thagann amach as

fócas a dhíríonn EIT ar éiceachórais nuálaíochta go mbeadh sé ag teacht go nádúrtha leis an gcolún ‘Nuálaíocht Oscailte’, ba cheart ailíniú a dhéanamh ar phleanáil na PENanna atá aige tríd an bpróiseas pleanála straitéisí leis an gcolún ‘Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch’.

PENanna EIT, freisin. Cé gur cheart go bhfágfadh an fócas a dhíríonn EIT ar éiceachórais nuálaíochta go mbeadh sé ag teacht go nádúrtha leis an gcolún ‘Nuálaíocht Oscailte’, ba cheart ailíniú a dhéanamh ar phleanáil a PENanna tríd an bpróiseas pleanála straitéisí leis an gcolún ‘Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch’.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) D’fhonn an caidreamh idir an eolaíocht agus an tsochaí a láidriú agus an leas is mó is féidir a bhaint as an idirghníomhaíocht eatarthu, ba cheart, faoin gClár, ról agus rannpháirtíocht a bheith ag saoránaigh agus eagraíocht na sochaí sibhialta maidir le cláir oibre don taighde agus nuálaíocht fhreagrach, agus ábhar an taighde agus na nuálaíochta freagraí sin, a chomhdhearadh agus a chomhchruthú, trí eolas eolaíochta a chur ar fáil go poiblí, agus trí rannpháirtíocht na saoránach agus eagraíocht na sochaí sibhialta i ngníomhaíochtaí an Chláir a éascú. Ba cheart sin a dhéanamh ar fud an Chláir agus trí ghníomhaíochtaí sonracha sa chuid ‘An Limistéar Eorpach Taighde a neartú’. Ba cheart rannpháirtíocht saoránach agus na sochaí sibhialtach sa taighde agus nuálaíocht a chur le chéile le gníomhaíochtaí for-rochtana poiblí tacaíocht phoiblí don Chlár a ghiniúint agus a choimeád. Ba cheart don chlár iarracht a dhéanamh freisin bacainní a bhaint agus sineirgíochtaí a mhéadú idir an eolaíocht, an teicneolaíocht, an cultúr agus na healaíona chun teacht ar chaighdeán nua de nuálaíocht inbhuanaithe.	(26) D’fhonn an caidreamh idir an eolaíocht agus an tsochaí a láidriú agus an leas is mó is féidir a bhaint as an idirghníomhaíocht eatarthu, faoin gClár, ba cheart, ***ar bhealach gníomhach agus córasach***, ról agus rannpháirtíocht a thabhairt do shaoránaigh agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le cláir oibre don taighde agus nuálaíocht fhreagrach, agus ábhar an taighde agus na nuálaíochta freagraí sin, a chomhdhearadh agus a chomhchruthú, trí eolas eolaíochta a chur ar fáil go poiblí, agus trí rannpháirtíocht na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta i ngníomhaíochtaí an Chláir a éascú. Ba cheart é sin a dhéanamh ar fud an Chláir***, trí chur chuige ilghníomhaithe,*** agus trí ghníomhaíochtaí tiomnaithe sa chuid ‘An Limistéar Eorpach Taighde a Neartú’. Ba cheart rannpháirtíocht na saoránach agus na sochaí sibhialta sa taighde agus nuálaíocht a chur le chéile le gníomhaíochtaí for-rochtana poiblí chun tacaíocht phoiblí don Chlár a ghiniúint agus a choimeád. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis an gclár bacainní a bhaint agus sineirgíochtaí a mhéadú idir an eolaíocht, an teicneolaíocht, an cultúr agus na healaíona chun teacht ar cháilíocht nua

de nuálaíocht inbhuanaithe.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir tionchar a imirt ar bhonn eolaíoch, eacnamaíoch agus ar bhonn na sochaí mar gheall ar infheistíochtaí an Aontais sa taighde agus sa nuálaíocht chun bunús eolaíoch agus teicneolaíoch an ***Aontais*** a neartú agus a iomaíochas a chothú, lena n-áirítear ina chuid tionscal, tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, agus rannchuidiú le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, lena náirítear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.	1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir tionchar a imirt ar bhonn eolaíoch, eacnamaíoch agus ar bhonn na sochaí mar gheall ar infheistíochtaí an Aontais sa taighde agus sa nuálaíocht chun bunús eolaíoch agus teicneolaíoch an ***Limistéir Eorpaigh Taighde*** a neartú agus a iomaíochas a chothú, lena n-áirítear ina earnáil thionsclaíoch, ***barr feabhais taighde agus taighde bunúsach,*** tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, agus rannchuidiú le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, lena n-áirítear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tacú le heolas nua ardcháilíochta, scileanna, teicneolaíochtaí agus réitigh ar dhúshláin dhomhanda a chruthú agus a scaipeadh;	(a) ***barr feabhais eolaíochta a chur chun cinn agus*** tacú le heolas nua ardcháilíochta, scileanna, teicneolaíochtaí agus réitigh ar dhúshláin dhomhanda a chruthú agus a scaipeadh;

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(a a) cur chuige atá cothrom ó thaobh críche de a bhaint amach ar fud AE a mhéid a bhaineann le tairiscintí;

Réasúnú

Ní léirítear le cur chun feidhme chlár reatha Fhís 2020 cur chuige atá cothrom ó thaobh críche de in AE. Mar shampla, i réimse na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe, táthar i ndiaidh níos lú ná 10% de thairiscintí a dheonú do thionscadail ón 13 Bhallstát nua. Tá an treocht sin ina cúis le héagothroime thromchúiseach san Aontas atá chun dochair do shaoráidí taighde sna Ballstáit nua i ndiaidh gur forbraíodh scata tionscadail nuálacha amhail BIOEAST ón réimse sin. Is gá é sin a leigheas a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, is gá an cur chuige atá cothrom ó thaobh críche de a chur i bhfeidhm ar leibhéal AE.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***tionchar*** an taighde agus na nuálaíochta a neartú chun beartais an Aontais a cheapadh, tacú leo agus iad a chur chun feidhme, agus tacú leis an nglacadh le réitigh nuálacha sa tionscal agus sa tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda;	(b) neartú a dhéanamh ar ***ról*** an taighde agus na nuálaíochta maidir le beartais an Aontais a fhorbairt, tacú leo agus iad a chur chun feidhme, agus tacú le glacadh ***torthaí taighde agus*** réiteach nuálach sa tionscal agus sa tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda;

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) gach cineál nuálaíochta a chothú, lena n-áirítear an nuálaíocht cheannródaíoch, agus úsáid a bhaint as réitigh nuálacha sa mhargadh agus é sin a neartú;	(c) gach cineál nuálaíochta a chothú, lena n-áirítear an nuálaíocht cheannródaíoch, agus neartú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as réitigh nuálacha sa mhargadh ***atá comhsheasmhach le haidhmeanna na forbartha inbhuanaithe***;

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(d) barr feabhais sa taighde agus soghluaisteacht taighdeoirí a chur chun cinn agus an comhar idirnáisiúnta a neartú.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Colún I 'Eolaíocht oscailte', lena ngabhtar don chuspóir sonrach arna leagan amach in Airteagal 3(2)(a) agus lena dtugtar tacaíocht do chuspóirí sonracha arna leagan amach in Airteagal 3(2)(b) agus in Airteagal 3(2)(c) freisin, ina mbeidh na comhpháirteanna seo a leanas:	(1) Colún I 'Eolaíocht oscailte ***agus den chéad scoth***', lena ngabhtar don chuspóir sonrach arna leagan amach in Airteagal 3(2)(a) agus lena dtugtar tacaíocht do chuspóirí sonracha arna leagan amach in Airteagal 3(2)(b) agus (c), ina mbeidh na comhpháirteanna seo a leanas:

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) an Cnuasach 'Bia agus Acmhainní Nádúrtha'.	(e) an bhraisle '***Talmhaíocht,*** Bia agus Acmhainní Nádúrtha';

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 –mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) beidh breisluach AE soiléir ag baint leo agus rannchuideoidh siad le tosaíochtaí an Aontais a ghnóthú;	(a) beidh breisluach AE soiléir ag baint leo agus rannchuideoidh siad le tosaíochtaí an Aontais ***agus na Spriocanna Forbartha***

Inbhuanaithe a ghnóthú;

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) díreofar ar ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bheidh uaillmhianach ***ach*** réadúil;	(d) díreofar ar ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bheidh uaillmhianach***, feabhas-tiomáinte agus*** réadúil ***ag gach céim den fhorbairt***;

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – pointe b – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) EUR 10 000 000 000 don chnuasach ‘Bia agus Acmhainní Nádúrtha’;	(5) EUR 10 000 000 000 don bhraisle ***‘Talmhaíocht,*** Bia agus Acmhainní Nádúrtha’;

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfar rochtain oscailte ar fhoilseacháin eolaíocha a eascraíonn as taighde faoin gClár a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 35(3). Déanfar rochtain oscailte ar shonraí taighde a áirithiú i gcomhréir leis an bprionsabal ‘a oscailte is féidir, a iata is gá’. Déanfar rochtain oscailte ar aschuir eile taighde a spreagadh.	1. Déanfar rochtain oscailte ar fhoilseacháin eolaíocha a eascraíonn as taighde arna chistiú faoin gClár a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 35(3). Déanfar rochtain oscailte ar shonraí taighde ***atá ina mbonn do thorthaí taighde foilsithe*** a áirithiú i gcomhréir leis an bprionsabal ‘a oscailte is féidir, a iata is gá’. Déanfar rochtain oscailte ar aschuir eile taighde ***agus ar shonraí taighde ábhartha eile*** a spreagadh.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfar an gníomhú a fhoirceannadh freisin más amhlaidh nach bhfuil na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo ábhartha a thuilleadh maidir leis an Aontas de dheasca cúiseanna eolaíocha, teicneolaíocha nó eacnamaíocha, lena n-áirítear i gcás EIC agus i gcás misean, a n-ábharthacht mar chuid de phunann gníomhuithe.	3. ***Tar éis dul i gcomhairle le saineolaithe neamhspleácha agus ar choinníoll go dtugtar fógra leordhóthanach do thairbhithe,*** féadfar an gníomhú a fhoirceannadh freisin i gcás nach bhfuil na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo ábhartha a thuilleadh maidir leis an Aontas de dheasca cúiseanna eolaíocha, teicneolaíocha nó eacnamaíocha, lena n-áirítear i gcás EIC agus i gcás misean, a n-ábharthacht mar chuid de phunann gníomhuithe.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. De mhaolú ar Airteagal 237(3) den Rialachán Airgeadais, féadfar saineolaithe seachtracha a roghnú gan glao ar léirithe spéise, ***má*** tá údar cuí leis agus má dhéantar an roghnú ar dhóigh thrédhearcach.	1. De mhaolú ar Airteagal 237(3) den Rialachán Airgeadais, féadfar saineolaithe seachtracha a roghnú gan glao ar léiriú spéise, ***ach amháin murar tháinig de ghlao ar léiriú spéise gur sainaithníodh saineolaithe seachtracha oiriúnacha. Ní mór*** údar ***cuí a bheith le haon roghnú saineolaithe seachtracha gan glao ar léiriú spéise*** agus déantar an roghnú ar dhóigh thrédhearcach.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – pointe 2 – mír 4 – pointe e – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Réimsí idirghabhála: Breathnóireacht comhshaoil; Bithéagsúlacht agus caipiteal	Réimsí idirghabhála: Breathnóireacht comhshaoil; Bithéagsúlacht agus caipiteal

nádúrtha; Talmhaíocht, foraoiseacht agus ceantair thuaithe; An Fharraige agus Aigéin; Córais bhia; Córais nuálaíochta bhithbhunaithe; Córais chiorclacha	nádúrtha; Talmhaíocht, foraoiseacht agus ceantair thuaithe; ***iascaireacht, dobharshaothrú,*** an fharraige agus aigéin; Córais bhia; Córais nuálaíochta bhithbhunaithe; Córais chiorclacha

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – point e – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) Léiriú ex ante ar thiomantas fadtéarmach na gcomhpháirtithe, lena n-áirítear sciar íosta ***infheistíochtaí*** poiblí agus/nó príobháideacha;	(e) Léiriú *ex ante* ar thiomantas fadtéarmach na gcomhpháirtithe, lena n-áirítear sciar íosta ***ranníocaíochtaí*** poiblí agus/nó príobháideacha;

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís na hEorpa – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh
Tagairtí	COM(2018)0435 – C8-0252/2018 – 2018/0224(COD)
An Coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 14.6.2018
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	AGRI 14.6.2018
Rapóirtéir Dáta an cheapacháin	Elsi Katainen 4.7.2018
Dáta an ghlactha	22.10.2018
Toradh na vótála críochnaithí	+: 32 –: 1 0: 8
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	John Stuart Agnew, Clara Eugenia Aguilera García, Eric Andrieu, Daniel Buda, Nicola Caputo, Matt Carthy, Michel Dantin, Paolo De Castro, Albert Deß, Diane Dodds, Jørn Dohrmann, Herbert Dorfmann, Norbert Erdős, Luke Ming Flanagan, Martin Häusling, Anja Hazekamp, Esther Herranz García, Peter Jahr, Jarosław Kalinowski, Zbigniew Kuźmiuk, Norbert Lins, Philippe Loiseau, Nuno Melo, Giulia Moi, Ulrike Müller, James Nicholson, Maria Noichl, Marijana Petir, Bronis Ropė, Maria Lidia Senra Rodríguez, Ricardo Serrão Santos, Czesław Adam Siekierski, Marc Tarabella, Maria Gabriela Zoană, Marco Zullo
Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Franc Bogovič, Othmar Karas, Elsi Katainen, Anthea McIntyre, Momchil Nekov, Sofia Ribeiro
Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	John Flack

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís na hEorpa – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh
Tagairtí	COM(2018)0435 – C8-0252/2018 – 2018/0224(COD)
An Coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 14.6.2018
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	AGRI 14.6.2018
Rapóirtéir Dáta an cheapacháin	Elsi Katainen 4.7.2018
Dáta an ghlactha	22.10.2018
Toradh na vótála críochnaithí	+: 32 –: 1 0: 8
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	John Stuart Agnew, Clara Eugenia Aguilera García, Eric Andrieu, Daniel Buda, Nicola Caputo, Matt Carthy, Michel Dantin, Paolo De Castro, Albert Deß, Diane Dodds, Jørn Dohrmann, Herbert Dorfmann, Norbert Erdős, Luke Ming Flanagan, Martin Häusling, Anja Hazekamp, Esther Herranz García, Peter Jahr, Jarosław Kalinowski, Zbigniew Kuźmiuk, Norbert Lins, Philippe Loiseau, Nuno Melo, Giulia Moi, Ulrike Müller, James Nicholson, Maria Noichl, Marijana Petir, Bronis Ropė, Maria Lidia Senra Rodríguez, Ricardo Serrão Santos, Czesław Adam Siekierski, Marc Tarabella, Maria Gabriela Zoană, Marco Zullo
Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Franc Bogovič, Othmar Karas, Elsi Katainen, Anthea McIntyre, Momchil Nekov, Sofia Ribeiro
Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	John Flack

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

32	+
ALDE	Elsi Katainen, Ulrike Müller
ECR	Zbigniew Kuźmiuk
EFDD	Giulia Moi, Marco Zullo
ENF	Philippe Loiseau
GUE/NGL	Matt Carthy, Luke Ming Flanagan, Maria Lidia Senra Rodríguez
PPE	Franc Bogovič, Daniel Buda, Albert Deß, Herbert Dorfmann, Norbert Erdős, Esther Herranz García, Peter Jahr, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Nuno Melo, Marijana Petir, Sofia Ribeiro, Czesław Adam Siekierski
S&D	Clara Eugenia Aguilera García, Eric Andrieu, Nicola Caputo, Paolo De Castro, Karin Kadenbach, Momchil Nekov, Maria Noichl, Ricardo Serrão Santos, Marc Tarabella, Maria Gabriela Zoană

1	-
EFDD	John Stuart Agnew

8	0
ECR	Jørn Dohrmann, John Flack, Anthea McIntyre, James Nicholson
GUE/NGL	Anja Hazekamp
NI	Diane Dodds
Verts/ALE	Martin Häusling, Bronis Ropė

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh